



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

Cód Eitice don Gharda Síochána



Prionsabail na Póilíneachta

Arna mbunú ag an Acht um Gharda Síochána 2005

Ba cheart go soláthraítear seirbhísí póilíneachta:

- Go neamhspleách agus go neamhchlaonta
- I gcaoi a léiríonn meas do chearta an duine, agus
- I gcaoi a dtacaíonn le cur i bhfeidhm cuí agus éifeachtach an dlí

Braitheann póilíneacht éifeachtach agus éifeachtúil ar mhuinín, ar thacaíocht agus ar chomhoibriú a dheimhniú do chomhphobail agus caidreamh a bhunú leis na comhphobail sin.

ISBN: 978-0-9957249-0-7

An tÚdarás Póilíneachta, Urlár 4, 90 Sráid an Rí Thuaidh, Baile Átha Cliath 7.
ríomhphost: info@policingauthority.ie

Ullmhaíodh an doiciméad seo trí úsáid a bhaint as scríbhneoireacht Bhéarla agus treoirínte dearaidh shoiléir.



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

Cód Eitice don Gharda Síochána



Réamhfocal ó Choimisinéir an Gharda Síochána

Cuireann an Garda Síochána fáilte roimh bhunú an Chóid Eitice, rud a chuirfidh le leibhéal na gcaighdeán agus an iompair a mbítear ag súil leis ó gach duine atá ag obair san eagraíocht; inár bhfeidhmeanna go léir a n-áirítear iontu cuidiú le híospartaigh choireachta; seachaint coireachta; cúnaimh ón bpobal; fiosrúcháin coireachta; sábháilteacht ar bhóithre; agus seachadadh ár seirbhísí oifigí inmheánacha. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Údarás Póilíneachta agus leo siúd a chuir a gcuid ama agus a gcuid fuinnimh ar fáil; leo siúd a chuir iarratais isteach; agus leo siúd a chuir smaointe ar fáil faoi fhormáid agus ábhar an Chóid Eitice nua seo.

Tá tradisiún bródúil ag an nGarda Síochána ina fhreastal ar an bpobal agus i gcosaint an Stáit le níos mó ná 16,000 Comhalta Garda, Ball Foirne Sibhialtach agus Cúltaca atá tiomanta don chuspóir a chinntíonn gur seirbhís phóilíneachta agus slándála é atá ina bunchloch do shochaí atá daonlathach agus forásach. Cuireann an Cód seo le bunluachanna na heagraíochta faoina seachadtar Seirbhís le hIonracas; Freagracht; Meas; Gairmiúlacht agus Comhbhá.

Mheas ár gCoimisinéir bunaidh, Michael Staines, go mbraithfeadh rath an Gharda Síochána ar a údarás morálta mar sheirbhísigh do na daoine. Seans nár shamhlaigh Michael Staines riamh go mbeadh doiciméad mar seo á ullmhú. Ach sin ráite, is cinnte gur tuigeadh dó gur tháinig údarás morálta na heagraíochta ó na hiompraíochtaí atá bunaithe ar shraith de dhearcthaí atá eitice, creideamh agus prionsabal.

Leagann an Cód amach naoi gcaighdeán

eitice agus na tiomantais eitice atá ag teastail chun na caighdeáin seo a bhaint amach.

Is léir go soláthraíonn na tiomantais eitice seo meon nua i dtraidisiún ár seirbhíse. Ach lena chois sin, cuireann an meon nua seo beatha sna bunluachanna in eagraíocht bhródúil atá ag freastal ar an bpobal ó bunaíodh an Stát.

Ag lainseáil na tuarascála “On the Importance of Ethics”, toradh amháin dá tionscnamh eitice, dúirt an tUachtarán Michael D. Higgins gur sochaí eitice í Éire, ach nach bhfuil aon údarás morálta aonair ann a thuilleadh ná aon chnuasach aonair luachanna a nglactar leo go forleathan. Rinne sé an argóint go gciallaíonn sé seo go gcaithfear fócas athnuaite a dhéanamh ar ‘leas an phobail’. Ag croílár na dtiomantas sa Chód seo tá an prionsabal go gcaithfidh gach Comhalta Garda, Ball Foirne Sibhialtach, Comhalta Cúltaca i ngach rang agus grád déileáil le daoine eile ar an gcaoi chéanna ar mhaith leo go ndéileálfá leo féin, i gcomaoin ‘leas an phobail’.

Is é an chéad chéim eile den phróiseas seo ná an Cód a dhaingniú i smaoinemh agus i ngníomhaíochtaí na heagraíochta ar bhonn laethúil. Tá sé riachtanach go nglacfar leis an gCód agus go dtuigfidh gach duine é sa Gharda Síochána. Chuige sin, táim ag súil go mór le cúnaimh ó gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána, agus a gcomhlachtaí ionadaíochta, i dtaca leis an bhforbairt ar an bplean oiliúna agus feidhmithe chun an Cód seo a chur ar fáil go céimneach.

Nóirín O’Sullivan

Coimisinéir an Gharda Síochána

Réamhfocal ó Chathaoirleach an Údaráis

Bronntar cumhachtaí ollmhóra ar sheirbhísí póilíní ar fud an domhain. Glacann an tsochaí le húsáid na gcumhachtaí sin agus iad ag súil go n-úsáidfear iad ar mhaithe le leas an phobail. Cuireann an chothromóid shimplí seo ualach trom ar sheirbhísí póilíneachta.

In Éirinn, bítear ag súil lena lán ón nGarda Síochána. Iarraimid orthu muid féin, ár dteaghlaiigh agus ár bpobail a choinneáil sábháilte - sa bhaile, inár ngluaisteáin, in áiteanna poiblí. Iarraimid orthu ár dtír a choinneáil sábháilte. Iarraimid orthu oibríú leis na pobail chun riachtanaí agus gach a bhfuil siad ag súil leis a bhaint amach. Bímid ag súil go dtiocfaidh siad nuair a dhéantar coiriúlacht orainn. Bímid ag súil go ngníomhóidh siad mar chúlstop do réimse mór fadhbanna sa sochaí.

Le linn dóibh a bheith i mbun a gcuid oibre, bímid ag súil go n-úsáidfídh na Gardaí na cumhachtaí a thugtar dóibh faoin dlí chun muid a chosaint, agus bímid ag súil freisin go n-úsáidfídh siad iad go céimiúil agus go cuí. Is coincheap leathan é ‘go cuí’, coincheap a théann níos faide ná mar atá leagtha amach sa dlí ó am go chéile. Iarrann an tsochaí go léireodh na daoine a oibríonn sa Garda Síochána an caighdeán is airde iompraíochta ina saol gairmiúil agus pearsanta, agus léiríonn an Cód Eitice seo an méid sin.

Tá baint amach na gcaighdeán ard sin ag croílár mhuinín an phobail agus sa tacaíocht don Gharda Síochána. Tá an tacaíocht do na Gardaí sa phobal láidir cheana féin ach ní féidir é a fheabhsú nó go bhfeicfidh an pobal go bhfuil na fir agus na mná a oibríonn sa tseirbhís phóilíneachta ag feidhmiú de réir na rialacha céanna a bhfuiltear ag súil go nglacann siad féin leo, agus nach é amháin

go bhfuil na rialacha sin de réir an dlí ach go bhfuil siad eiticíúil freisin.

An tÚdarás Póilíneachta a chuir an Cód Eitice le chéile de réir an Achta um Gharda Síochána 2005 Agus an chóid seo á ullmhú, rinne an tÚdarás teagmháil le han-chuid páirtithe leasmhara sa phóilíneacht in Éirinn. Reachtáil sé go leor ócáidí do pháirtithe leasmhara agus chuir sé fáilte roimh iarratais scríofa.

Tá an tÚdarás buíoch as na smaointe agus na nótaí tráchta a fuarthas ó réimse mór daoine, a n-áirítear iontu iad siúd a oibríonn sa Gharda Síochána, baill den phobal, agus eagraíochtaí reachtúla agus sibhialta sa tsochaí. Cé nach rabhamar in ann glacadh leis na tuairimí go léir ó gach duine, rinneadh mion-mhachnamh ar an gcúnamh go léir agus chuir siad le forbairt an Chóid seo.

Anois, ós rud é go bhfuil an Cód curtha le chéile, tá sé ríthábhachtach go dtógfarr céimeanna gníomhacha lena chinntiú go ndaingneofar é seo in obair an Gharda Síochána ó lá go lae. Cuirim fáilte roimh an tiomantas ó Choimisinéir an Gharda Síochána lena chinntiú go seasfaidh sé mar dhoiciméid beo.

Tá an tÚdarás cinnte gur féidir leis an gCód cur le hathnuachan an chultúir sa Gharda Síochána, cur leis an gcaidreamh dearfach idir an Gharda Síochána agus sochaí na hÉireann agus leanúint de bheith ag cothú muinín as an nGarda Síochána agus measa ar gach duine a oibríonn ann, rud a chuideoidh leis na seirbhísí póilíneachta a fheabhsú in Éirinn do chách.

Josephine Feehily
Cathaoirleach, An tÚdarás Póilíneachta

Réamhrá

Leagtar amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána na treoirphrionsabail lena dtabharfar eolas agus treoir do ghníomhartha gach baill foirne den Gharda Síochána ag gach leibhéal den eagraíocht.

Is é aidhm an Chóid ná gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána a spreagadh chun spriocanna uailmhianacha a bhaint amach ina n-obair laethúil agus ina saol laethúil. Tá ról bunriachtanach tábhachtach ag an bpóilíneacht i saol daonlathach an stáit agus i saol laethúil muintir an stáit. Is gairm ríthábhachtach í, ar gá caighdeáin eitice atá leagtha amach go soiléir agus atá tuigte go forleathan, a chur i bhfeidhm ina leith. Trí na caighdeáin sin a chur chun cinn, déanfaidh an Garda Síochána muinín an phobail a fhorbairt agus a chothabháil. Ina theannta sin, cuirfidh sé le sochaí shábháilte shíochánta a chothú.

Ní chuirfeadh na caighdeáin atá sa Chód iontas ar bith ar dhuine ar bith a oibríonn sa Gharda Síochána. An traidisiún seirbhíse atá ar bun le beagnach céad bliain anuas, an dearbhú sollúnta a dhéantar ar fhianú, cóid inmheánacha na heagraíochta – leagtar amach luachanna aguscaighdeáin i ngach ceann acu. Ina theannta sin, tá raon leathan polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Státseirbhís agus ag an nGarda Síochána lena léirítear forálacha reachtúla nó lena dtreoraítear iompraíocht. Is éard atá tábhachtach faoin gCód seo ná an ráiteas

soiléir a thugtar don phobal ann, an fhíríc go bhfuil bonn reachtúil leis agus an fhíríc gurb é an tÚdarás a dhéanfaidh maoirseacht ar a chur chun feidhme.

Tá naoi gcaighdeán iompair agus cleachtais do gach duine sa Gharda Síochána leagtha amach sa Chód. Tá roinnt gealltanais ag baint le gach ceann de na caighdeáin sin. D'fhorbair an tÚdarás Póilíneachta an Cód de réir Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú sa bhliain 2015. Tugtar aird sa Chód ar Phrionsabail na Póilíneachta atá leagtha amach san Acht sin.

Foráiltear leis na prionsabail sin nach mór an phóilíneacht a dhéanamh ar bhealach atá neamhspleách agus neamhchlaon, a urramaíonn cearta an duine agus a thacaíonn le riar cóir agus éifeachtach an cheartais. Níl feidhm ag an gCód seo ina aonar. Ba cheart é a léamh i gcomhthéacs an dlí náisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta sa mhéid a bhaineann siad leis agus i gcomhthéacs na bpolasaithe de chuid na Státseirbhíse agus an Gharda Síochána a bhaineann leis.

Tá neamhspleáchas suntasach ag a lán daoine a oibríonn sa Gharda Síochána agus a ndualgais laethúla á gcomhlíonadh acu. Éilítear orthu lánrogha shuntasach a fheidhmiú agus a bhfreagrachtaí á gchomhlíonadh acu. Bíonn siad ar an toirt; freagraíonn siad do chora ar leith; déanann siad cinní ar an láthair. Ní athraítear an scéal sin leis an gCód seo. Ciallaíann an neamhspleáchas sin agus an gá le lánrogha gur cuid bhunriachtanach d’obair gach duine sa Gharda Síochána í an iompraíocht eiticiúil, áfach.

Is ionann an Cód seo agus ráiteas ar na riachtanais eitice atá ar gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána. Is ionann é freisin agus léiriú soiléir don phobal ar na nósanna iompraíochta a bhfuil ceart acu a bheith ag súil leis. Gairm le honóir is ea an phóilíneacht agus bíonn an pobal ag súil leis na caighdeáin is airde iompair agus cleachtais uaithe. Fad a chloíonn siad leis na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód seo, tuilleann daoine a oibríonn sa Gharda Síochána muinín an phobail agus tacaíocht uaidh.

Bunriachtanais do gach duine a oibríonn don Gharda Síochána is ea dlúthchomhar agus spiorad foirne. Mar sin féin, ní mór an príomh-dhírú a bheith ar leas an phobail a bhfuil an Garda Síochána ann le freastal air. Dá bharr sin, tá dualgas ann, don bpobal agus don eagraíocht, labhairt go hoscailte laistigh den eagraíocht faoi nithe a d’fhéadfaí a fheabhasú nó faoi nithe nár cheart a dhéanamh ar chor ar bith. Chomh maith leis sin, tá dualgas comhfhreagrach ann déileáil le hoscailteacht agus le misneach leis na daoine a labhraíonn amach, agus a bheith

toilteanach earráidí a admháil, nithe a fhoghlaim agus nithe a athrú. Cuirfidh sé sin feabhas ar obair an Gharda Síochána agus ar an gclú atá air.

Gairm le honóir is
ea an phóilíneacht
agus bíonn an
pobal ag súil leis
na caighdeáin
is airde iompair
agus cleachtais
uaithe.

Raon Feidhme an Chóid

Tá feidhm ag an gCód seo maidir le daoine ag gach céim agus ag gach grád den Gharda Síochána, lena n-áirítear sibhialtaigh, Gardaí cúlta agus baill faoi mhionn. Tá feidhm aige maidir le hidirghníomhaíocht idir daoine a oibríonn don Gharda Síochána agus an pobal agus maidir le hidirghníomhaíocht idir comhghleacaithe laistigh den Gharda Síochána. Ní mór cuimhneamh go bhfuil daoine laistigh den Gharda Síochána i dteideal na gcearta céanna agus na gcosaintí céanna leo sin atá ag na daoine a bhfreastalaíonn siad orthu.

An Cód Eitice a Leabú

Meastar gur cheart an Cód a leabú i ngach réimse d’obair an Gharda Síochána. Beidh sé tábhachtach an Cód Eitice a chur san áireamh i gclár oiliúna, lena n-áirítear sainoilíúint, chun a chinntiú go mbeidh an Cód seo ina dhoiciméad beo lena dtreorófar iompraíocht agus cinnteoireacht. Measann an tÚdarás gur cheart go mbeadh an Cód mar bhonn agus mar thaca ag próisis amhail earcaíocht, measúnú feidhmíochta agus measúnú ar oiriúnacht d’ardú céime agus do cheapadh chuig sainaonaid. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh an Cód mar fhoinsé eolais do phleanáil oibre, d’fhorbairt polasaí agus do d’iompar agus d’athbhreithniú imscrúduithe. Níor cheart go mbeadh

aon réimse lasmuigh de raon an Chóid, áfach, beag beann ar a íogair a bhaineann leis.

Beidh an Cód i bhfeidhm i gcomhar le agus mar thacaíocht do Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána agus le Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse. Ní thagann sé ina n-áit. Ní fhoráiltear a thuilleadh le hAcht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, go bhféadfadh gurbh ionann sárú ar an gCód agus sárú ar Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána.

Mar gheall ar chineál na ngealltanais atá leagtha amach sa Chód seo, áfach, tarlóidh sé go minic gur ionann iompraíocht atá ina shárú ar an gCód agus sárú araíonachta. Faoi Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána nó faoi Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, d’fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí ann má dhéantar an iompraíocht sin nó, go háirithe, más ann do chliseadh tromchúiseach nó dianseasmhach cloí le ceanglais an Chóid. Sa chás gur mionchliseadh é an cliseadh cloí leis an gCód, is féidir go mbeadh sé ina ghníomh cuí má labhraíonn bainisteoir nó comhghleacaí leis an duine aonair faoin ábhar agus má thairgeann sé treoir agus tacaíocht dó nó di nuair is gá.

Ós rud é go mbunaíonn an Cód seo caighdeáin iompair agus cleachtais do gach duine atá ag obair sa Gharda

Síochána, féadfar tagairt a dhéanamh dó le linn imeachtaí cúirte agus araíonachta.

Ar gach duine a oibríonn sa Gharda Síochána atá an fhreagracht deiridh as a n-íompraíocht féin agus, dá bhrí sin, is gá dóibh ábhar an Chóid seo a thuiscint agus cloí leis. Tá an tÚdarás ag súil go ndéanfar socruithe do gach duine a mbaineann an Cód seo leo maidir le gealltanais foirmiúil a thabhairt go gcloífídh siad leis.

Doiciméad beo a bheidh sa Chód. Leanfaidh an tÚdarás ag déanamh athbhreithnithe air gach trí bliana ar a laghad agus féadfaidh sé é a leasú de réir mar is cuí. Déanfaidh an tÚdarás Póilíneachta maoirseacht ar fheidhmiú an Chóid seo freisin.

Ba cheart comhlíonadh an Chóid a bheith ina shaintréith ag gach duine sa Gharda Síochána agus ina fhianaise ar an tiomantas atá ag gach duine aonair seirbhís a chur ar fáil sa phobal agus cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.

Ní mór a
chuimhneamh
go bhfuil daoine
laistigh den Gharda
Síochána i dteideal
na gceart céanna
agus na gcosaintí
céanna leo sin
atá ag na daoine
a bhfreastalaíonn
siad orthu.

Caighdeán agus Gealltanais Eitice

Cuimsíonn an Cód seo gealltanais eitice a bhaineann leis na caighdeán seo a leanas:

1. **Dualgas an Dlí a Chumhdach**
2. **Macántacht agus Ionracas**
3. **Meas agus Comhionannas**
4. **Údarás agus Freagracht**
5. **Cumhachtaí Póilíní**
6. **Faisnéis agus Príobháideachas**
7. **Trédhearcacht agus Cumarsáid**
8. **Labhairt Amach agus Éagóir a Thuairisciú**
9. **Ceannaireacht**

Dualgas an Dlí a Chumhdach

Is é ról na bpóilíní i sochaí dhaonlathach ná an sochaí a chosaint agus freastal uirthi, an tsíocháin a choinneáil, an dlí a chur i bhfeidhm agus sábháilteacht an phobail a chinntiú.

Chun é sin a bhaint amach, ní mór don Gharda Síochána muinín agus iontaoibh na sochaí a bhfreastalaíonn sé uirthi a bheith aige.

Déanfaidh sé an mhuinín sin a thuilleamh agus a choinneáil trí ghníomhú, agus trína thaispeáint go bhfuil sé ag gníomhú, de réir an dlí agus tríd an dlí a chur i bhfeidhm go cothrom maidir le daoine eile. I gcás duine ar bith atá ag obair sa Gharda Síochána, is é sin an pointe tosaigh le haghaidh na ngealltanais ar fad eile.

Gealltanais

- Cumhdóidh mé an dlí, cloífidh mé leis agus comhlíonfaidh mé mo fhreagrachtaí ar bhealach cothrom neamhchlaon.

Ní mór don Gharda Síochána muinín agus iontaoibh na sochaí a bhfreastalaíonn sé uirthi a bheith aige.

Bíonn an pobal, do chomhghleacaithe, na cúirteanna agus eagraíochtaí eile ag súil go n-inseoidh tú an fhírinne agus bíonn siad ag brath ort é sin a dhéanamh.

Macántacht agus Ionracas

Tá macántacht agus ionracas an Gharda Síochána ríthábhachtach maidir le feidhmiú an chórais cheartais choiriúil agus maidir lenár ndaonlathas. Bíonn an pobal, do chomhghleacaithe, na cúirteanna agus eagraíochtaí eile ag súil go n-inseoidh tú an fhírinne agus bíonn siad ag brath orté sin a dhéanamh. Má ghníomhaíonn tú le macántacht agus le hionracas, tuillfidh tú a muinín agus coinneoidh tú í.

Chun an caighdeán sin a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhfuil an pobal muiníneach gur ag gníomhú go neamhchlaonta agus go cothrom atá tú, ní ceadmhach duit do phost a úsáid chun buntáiste pearsanta a fháil ná tú féin a chur faoi oibleagáid a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ort agus do chuid dualgaisí á gcomhlíonadh agat.

Gealltanais

- Beidh mé macánta agus gníomhóidh mé le hionracas.
- Saothróidh mé an fhírinne i gcónaí trí fhíricí a bhunú agus a thuirisciú ar bhealach macánta oibiachtúil.

- Ní bhainfidh mé mí-úsáid as mo chumhacht ná as mo phost agus beidh sé de mhisneach agam cur i gcoinne aon mhí-úsáid den sórt sin a chleachtann mo chomhghleacaithe agus é a thuirisciú.
- Gníomhóidh mé ar son leas an phobail agus ní ligfidh mé d'aon chúinsí teacht chun cinn a d'fhéadfadh amhras a tharraingt orm féin nó ar an Gharda Síochána, nó a bhfuil an chosúlacht sin orthu.
- Déanfaidh mé dearbhú agus láimhseáil cúí ar aon choinbhleacht leasa, iarbhír nó fíor, a d'fhéadfadh cur as do mo chumas an dualgas atá orm a chomhlíonadh nó muinín an phobail as an nGarda Síochána a lagú. Áirítear leis sin aon choinbhleacht a d'fhéadfadh teacht as caidreamh pearsanta nó gnó lasmuigh de mo chuid oibre sa Gharda Síochána.

Meas agus Comhionannas

Ós rud é go n-oibríonn tú sa Garda Síochána, tá deis agat ról tábhachtach a bheith agat i gcosaint dhínit agus chearta daonna gach éinne. Áirítear leis sin caitheamh le gach duine go measúil agus go cothrom agus cur in aghaidh idirdhealú agus éagóir. Ní mór aire ar leith a thabhairt i gcás catagóirí áirithe daoine, leanaí go háirithe, mar gheall go bhfuil siad leochaileach. De bhreis air sin, éilítear cur chuige gníomhach chun cultúr muiníne agus comhair a fhorbairt le pobail nach raibh ach beagán caidrimh nó caidreamh doiligh acu roimhe sin leis an nGarda Síochána.

Cuireann an Bunreacht agus an dlí um chearta an duine, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, taca faoi na freagrachtaí sin a bhaineann le cearta an duine agus le comhionannas. Leagtar amach forais áirithe idirdhealaithe i reachtaíocht na hÉireann um chomhionannas. Chun dínit agus cearta comhionanna na ndaoine a dtagann tú i dteagmháil leo a chosaint, ba cheart duit aird a thabhairt ar an bhfíríc go bhféadfadh go mbeadh samplaí eile d'fhorais éagóracha idirdhealaithe ann. Léirítear an méid sin sa chaighdeán seo.

Gealltanais

- Tabharfaidh mé aitheantas agus meas do dhínit agus cearta daonna cothroma gach éinne.
- Caithfidh mé le daoine go béasach agus go measúil.
- Caithfidh mé go cothrom le gach duine i gcónaí agus ní dhéanfaidh mé idirdhealú go héagórach.
- Cuirfidh mé i gcoinne aon iompar nó caint a thaispeánann idirdhealú nó dímhéas, go háirithe maidir le daoine leochaileacha nó grúpaí mionlaigh, agus ceisteoidh mé an iompar agus an chaint sin.
- Beidh mé tuisceanach ar na híogaireachtaí atá ag daoine eile, mar shampla de bharr aoise nó míchumais. Beidh mé tuisceanach ar na cúinsí deacra a bhféadfadh daoine aonair a bheith iontu agus iad i dteagmháil leis an nGarda Síochána.

- Beidh tuiscint agus comhbhá chuí agam leis na daoine a dtagaim i dteagmháil leo.
- Freastalóidh mé ar na riachtanais ar leith atá ag duine aonair nuair is féidir.
- Nuair is féidir é, déanfaidh mé bearta chun an caidreamh leis an bpobal a fheabhsú, go háirithe an caidreamh le daoine aonair nó le grúpaí a bhféadfadh nach raibh ach beagán caidrimh nó caidreamh doiligh acu roimhe sin le seirbhísí póilíneachta.

Samplaí de chúiseanna éagóracha leis an idirdhealú

Aois,

Míchumas,

Stádas teaghligh,

Inscne,

Stádas pósta,

Ballraíocht den Lucht Taistil,

Reiligiún,

Cine, Dath,

Náisiúntacht,

Bunús eitneach nó náisiúnta,

Claonadh gnéasach,

Éagsúlacht inscne,

Tuairimí polaitiúla,

Stádas cónaithe,

Bunús sóisialta.

Údarás agus Freagracht

Leis an údarás a thugtar duit le do phost, cuirtear freagracht ort an túdarás agus an tionchar sin

a úsáid ar bhealach atá dleathach, comhréireach agus eiticíúil. Ina theannta sin, cuirtear freagracht ort as a chinntiú gur féidir leat do chuid dualgais a chomhlíonadh de réir do lánchumais, mar shampla trí bheith ullamh le haghaidh na hoibre i ngach bealach.

Sa chás go bhfuil éagothroime cumhachta ann idir tú féin agus duine eile, bíodh an duine sin ina bhall den phobal nó ina chomhghleacaí, ní mór duit é sin a aithint agus tú féin a iompar ar bhealach freagrach meáite i gcónaí.

Gealltanais

- Gníomhóidh mé le féinsmacht, fiú i gcásanna ina gcuirtear fearg orm agus i gcúinsí míshocra.
- Glacfaidh mé freagracht as mo ghníomhartha agus mo neamhghníomhartha agus beidh mé freagrach astu.
- Tacóidh mé le mo chuid comhghleacaithe de réir mo lánchumais agus a gcuid dualgais agus freagrachtaí á gcomhlíonadh acu.
- Ní thabharfaidh mé ach teoracha a mheasaim go réasúnta a bheith dleathach agus comhlíonfaidh mé teoracha dleathacha de réir mo lánchumais.
- Ceisteoidh mé teoracha a mheasaim a bheith neamhdhleathach nó contrártha leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód seo.
- Tuigim nach mór dom fírinniú iomlán a thabhairt ar chinneadh ar bith a dhéanaim gan treoir a leanúint.

- Cinnteoidh mé nach dtógfaidh mé substaint ar bith, amhail alcól nó drugaí, a fhágfaidh nach mbeidh mé ullamh don obair.
- Tabharfaidh mé tuairisc do mhaoirseoir más amhlaidh nach bhfuilim ullamh don obair ar chúis ar bith.
- Bainfidh mé úsáid as an bhfaisnéis, an oiliúint, an trealamh agus an tacaíocht bhainistíochta ar fad a thugtar dom chun mé féin a choinneáil sábháilte agus cothrom le mo ról agus na freagrachtaí atá orm.
- Déanfaidh mé dianiarracht cinntiú go n-úsáidtear airgead poiblí agus acmhainní poiblí ar bhealach cuí, éifeachtach agus éifeachtúil.
- Ní bhainfidh mé úsáid as na meáin shóisialta ná cumarsáidí móibíleacha ar bhealach a d'fhéadfaí a mheas a bheith idirdhealaitheach nó neamhghairmiúil nó a bheith ina chúis le bulaíocht nó le híospairt.

Tacóidh
mé le mo chuid
comhghleacaithe de
réir mo lánchumais
agus a gcuid dualgas
agus freagrachtaí á
gcomhlíonadh acu.

Cumhachtaí na bPóilíní

Tá cumhachtaí fadréimseacha ionsáiteacha ag an nGarda Síochána le go bhfuil sé/sí in ann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an rogha agus an túdarás ag baill den Gharda Síochána cumhachtaí suntasacha póilíní a úsáid, lena n-áirítear cumhachtaí chun stopadh agus cuardach, daoine a choinneáil agus a ghabháil, fórsa a úsáid, samplaí a thógáil agus faireachas a dhéanamh. Beidh ócáidí ann ina mbeidh dualgas ar Gharðaí na cumhachtaí sin a úsáid ar mhaithe leis an dlí agus le sábháilteacht an phobail.

Is minic a tharlóidh sé gur ar an láthair, agus i gcúinsí teannasacha, a bheidh ar bhaill aonair den Gharda Síochána cinní a dhéanamh ar úsáid na gcumhachtaí sin. Ba cheart go mbeadh na caighdeáin eiteice atá leagtha amach sa Chód seo in ann treoir a thabhairt do na cinní sin.

I gcás na ndaoine atá i gceist, is féidir le feidhmiú na gcumhachtaí sin a bheith ionsáitheach agus cur isteach ar a gcearta daonna. Sa sochaí ar fad, is féidir le húsáid mhíchúí na gcumhachtaí sin drochthionchar bheith aige ar an gcaidreamh idir an Gharda Síochána agus an pobal. Níor cheart, ar na cúiseanna sin, cumhachtaí póilíní a úsáid gan ghá nó gan réasún. Beidh feidhm ag an gcaighdeán seo freisin maidir le sibhialtaigh agus le baill chúltaca i gcásanna ina gcomhlíonann siad feidhmeanna ábhartha.

Gealltanais

- Beidh meas agam ar chearta daonna gach duine, lena n-áirítear an ceart chun na beatha, slándáil an duine agus iomláine coirp; chun saoirse tuairimíochta; chun saoirse tionóil agus comhlachais; chun príobháideachais; agus chun a bheith saor ó ghabháil threallach agus ó choinneáil threallach.
- I gcásanna ina bhfuil sé riachtanach cumhachtaí póilíní a úsáid chun cuspóir a bhaint amach, cinnteoidh mé gur de réir an dlí agus go comhréireach a bheidh mo ghníomhartha.
- Beidh mé réidh le fáthanna a thabhairt le mo ghníomhartha gach uair a dhéanaim cinneadh go n-úsáidfidh nó nach n-úsáidfidh mé cumhachtaí póilíní. Nuair is féidir, míneoidh mé mo chinní do na daoine lena mbaianeann.
- I gcásanna inar gá dom fórsa a úsáid, cinnteoidh mé, a luaithe is féidir, sábháilteacht an duine ar úsáid mé an fórsa sin ina aghaidh agus go bhfaighidh an té sin aon chúnamh a bheidh riachtanach.

I gcásanna ina bhfuil sé riachtanach cumhachtaí póilíní a úsáid chun cuspóir a bhaint amach, cinnteoidh mé gur de réir an dlí agus go comhréireach a bheidh mo ghníomhartha.

Faisnéis agus Príobháideachas

Lena chuid oibre a dhéanamh, ní mór don Gharda Síochána faisnéis phearsanta agus faisnéis eile, lena n-áirítear faisnéis íogair, a bhailiú, a rochtain agus aláimhseáil. Chun faisnéis a fháil, braitheann an Garda Síochána ar réimse mór daoine, lena n-áirítear íospartaigh agus finnétithe ar choiriúlacht, daoine atá cúisithe, faisnéis-eoirí agus gníomhaireachtaí stáit.

Ní mór duit caitheamh go measúil agus de réir an dlí leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil don Gharda Síochána. Cosnaíonn sé sin cearta na ndaoine a chuireann faisnéis ar fáil agus cearta na ndaoine a dtagraítear dóibh san fhaisnéis. Cinntíonn sé freisin nach bhfuil imní ar an bpobal agus iad ag tabhairt faisnéise don Gharda Síochána.

Gealltanais

- Tabharfaidh mé aitheantas agus meas don cheart ar phríobháideachas atá ag gach duine.
- Ní chuirfidh mé isteach ar an gceart sin ach nuair atá sé dleathach agus riachtanach chun cuspóir dlisteanach a bhaint amach.
- Ní dhéanfaidh mé folú, áibhéil, cumadh, cur isteach ná scriosadh míchuí ar fhaisnéis ná ar fhianaise.
- Is de réir an dlí agus de réir phrionsabail na cosanta sonraí amháin a dhéanfaidh mé faisnéis a bhailiú, a choinneáil, a rochtain, a nochtadh nó a phróiseáil.
- Ní dhéanfaidh mé faisnéis de chuid an Gharda Síochána a chur in iúl go míchuí do na meáin ná d'aon tríú páirtí.

Tabharfaidh mé aitheantas agus meas don cheart ar phríobháideacht atá ag gach duine.

Ní chuirfidh mé isteach ar an gceart sin ach nuair atá sé dleathach agus riachtanach chun cuspóir dlisteanach a bhaint amach.

Trédhearcacht agus Cumarsáid

Má tá tú oscailte agus trédhearcach id iompar, feabhsaíonn tú an mhuinín agus an iontaoibh atá ag an bpobal as seirbhísí an Gharda Síochána agus tuill eann tú muinín do chomhghleacaithe. Cabhraíonn an mhaoirseacht agus an t-iniúchadh a dhéanann an pobal ar an nGarda Síochána leis an eagraíocht foghlaim agus feabhsú mar sheirbhís póilíneachta.

Trí do chuid oibre sa Gharda Síochána, cuireann tú seirbhís ar fáil don phobal agus tá tú freagrach don phobal as do ghníomhartha. Is féidir nach dtuigfidh daoine eile, an pobal ar áireamh, nacúiseanna le do ghníomhartha i gcónaí. Ní mór duit a bheith réidh leis na cúiseanna sin a mhíniú i gcaoi chomh soiléir agus is féidir. Cabhróidh sé sin leis na daoine a dtéann do ghníomhartha i bhfeidhm orthu a thuiscint go bhfuiltear ag caitheamh go cothrom leo.

Gealltanais

- Déanfaidh mé cumarsáid agus comhar oscailte éifeachtach le comhghleacaithe, leis an bpobal agus le heagraíochtaí eile an oiread agus is féidir.
- Tabharfaidh mé faisnéis thráthúil fhírinneach a fhad atá sé sin i gcomhréir leis an dlí agus nach gcuireann sé imscrúdú atá ar siúl i mbaol. Sampla dhó seo ná an t-eolas is déanaí a thabhairt d'íospartaigh agus d'fhinnéithe faoi imscrúduithe.
- Comhlíonfaidh mé aon dualgas faisnéis agus taifid a nochtadh de réir an dlí agus ar bhealach tráthúil, fírinneach agus trédhearcach, lena n-áirítear faisnéis do dhaoine atá cúisithe nó d'Ombudsman an Gharda Síochána.
- Cinnteoidh mé go gcuirtear íospartaigh na coireachta ar an eolas faoina gcearta a luaithe agus is féidir.
- Cinnteoidh mé go gcuirim faisnéis in iúl ar bhealach atá measúil, sothuigte agus tuisceanach ar na cúinsí.

- Coimeádfaidh mé taifid iomlána chruinne, go háirithe taifid a bhaineann le gach agallamh agus gearán a dhéantar.
- Cinnteoidh mé go dtaispeánaim mo shuaitheantas aitheantais mar bhall den Gharda Síochána go hoscailte agus mé ag obair, mura gcuireann cineál an chúraim cosc orm é sin a dhéanamh.

Cinnteoidh mé go gcuirim faisnéis in iúl ar bhealach atá measúil, sothuigte agus tuisceanach ar na cúinsí.

Labhairt Amach agus Éagóir a Thuairisciú

Baineann gach eagraíocht leas as saoirse tuairimíochta agus as timpeallacht oscailte ina bhfáiltítear roimh thuairimí, ina bhfuil meas orthu agus ina gcuirtear san áireamh iad. Baineann sé sin go háirithe le seirbhísí póilíneartha amhail an Gharda Síochána mar go gcomhlíonann siad ról chomh tábhachtach sin sa tsochaí.

Is féidir dochar, calaíocht, éilliú agus éigeartas a aithint nó a chosc trí labhairt amach faoi éagóir nó faoi dhroch-chleachtas. Tugann sé muinín don phobal go mbíonn an Garda Síochána ag súil leis na caighdeáin is airde i ngach gné dá chuid oibre. Tugann cultúr ina gcuirtear labhairt amach chun cinn cosaint agus muinín do na daoine a oibríonn sa Garda Síochána freisin.

Tá gach duine a oibríonn don Garda Síochána freagrach as éagóir a cheistiú agus a thuairisciú. Tá sé mar fhreagracht ar leith ar bhainisteoirí sinseara a bheith ina n-eiseamláir den dóigh a ndéileálann an Garda Síochána le héagóir ag gach leibhéal agus ábhair a chuireann baill foirne in iúl a fhreagairt. Ní mór do gach bainisteoir tacaíocht, spreagadh agus cabhair a thabhairt ag gach leibhéal den eagraíocht do labhairt amach agus a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine lena mbaineann.

Gealltanais

- Ní dhéanfaidh mé neamhaird choíche d'iompraíocht neamhghairmiúil, mhí-eiticiúil, neamhdhleathach nó éillitheach ag comhghleacaí, beag beann ar aitheantas, ról, céim agus grád an duine.
- Cosnóidh mé ionracas an Gharda Síochána trí chur go dian in aghaidh iompraíochta atá neamhghairmiúil, mí-eiticiúil, neamhdhleathach nó éillitheach. I gcás ina n-éilíonn tromchúis an ábhair é, tuairisceoidh mé aon iompraíocht den sórt sin, cuirfidh mé ina coinne nó rachaidh mé i mbun birt ina haghaidh.
- Tabharfaidh mé tacaíocht d'aon comhghleacaí a labhraíonn amach de réir an dlí agus de réir an Chóid seo agus cuirfidh mé i gcoinne duine ar bith a dhéanann tromáíocht ar dhuine as ucht labhairt amach.

Gealltanais bhreise ó bhainisteoirí

- Tabharfaidh mé spreagadh agus cabhair do labhairt amach agus d'éagóir a thuairisciú ag gach leibhéal den eagraíocht.
- Cinnteoidh mé go ndéantar machnamh ar ábhair a dtarraingítear m'aird orthu, go n-imscrúdófar iad nuair is gá agus go ndéanfar an beart cuí.
- Éistfidh mé le hábhair a chuireann comhghleacaithe in iúl agus foghlaimeoidh mé ó aiseolas agus ó thuairiscí go ndearnadh éagóir.

Tá gach duine a oibríonn don Garda Síochána freagrach as éagóir a cheistiú agus a thuairisciú.

Ceannaireacht

Ní bhaineann ceannaireacht le céim ná le grád. Tá freagracht ar gach duine a oibríonn sa Gharda Síochána as ceannaireacht a thaispeáint agus a bheith ina n-eiseamláir trína chinntiú go gcloíonn gach duine le caighdeáin an Chóid seo.

Má tá ról níos sinsearaí agat, is amhlaidh is mó an deis a bheidh agat a bheith i d'eiseamláir. Chomh maith leis sin, is mó an dochar a dhéanfaidh tú má theipeann ort caighdeáin an Chóid seo a chomhlíonadh.

Is iadbainisteoirí sinsearaacha an Gharda Síochána an léiriú is infheicthe ar luachanna agus ar chultúr an Gharda Síochána laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di. Éilítear ar gach bainisteoir an Cód seo a chomhlíonadh ina saol féin agus an Cód seo a chosaint agus a chur chun cinn ag gach leibhéal den Gharda Síochána.

Gealltanais

- Cuirfidh mé le timpeallacht oibre atá dearfach agus folláin.
- Déanfaidh mé caighdeáin ghairmiúla agus caighdeáin an Chóid seo a chomhlíonadh agus a chur chun cinn.
- Féachfaidh mé le mé féin a iompar ar bhealach a thugann creidiúint domsa agus don Gharda Síochána, rud a mhéadaíonn muinín an phobail as an bpóilíneacht.
- Beidh mé freagrach as orduithe nó treoracha a thugaim do dhaoine eile, as comhlíonadh na n-orduithe sin agus as na hiarmhairtí atá ag baint leo.

Gealltanais bhreise ó bhainisteoirí

- Déanfaidh mé dianiarracht a chinntiú go gcomhlíonann na daoine a n-oibrím leo a gcuid dualgais i gcomhréir leis an gCód seo.
- Cinnteoidh mé go dtabharfar tacaíocht agus treoir éifeachtach do na daoine a n-oibrím leo agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgais agus ag cloí leis an gCód seo.
- Déanfaidh mé cibé rud is féidir liom a dhéanamh i mo ról chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach na ndaoine a n-oibrím leo.

Féachfaidh mé le mé féin a iompar ar bhealach a thugann creidiúint domsa agus don Gharda Síochána, rud a mhéadaíonn muinín an phobail as an bpóilíneacht.

Nótaí